Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2020
(OR. en)**

**11150/20
ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0273(NLE)**

**PECHE 259**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Meán Fómhair 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 587 final - Iarscríbhinn |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartaithe Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine, arb é dáta a dhul in éag an 15 Samhain 2020. |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 587 final - Iarscríbhinn.

---

Faoi iamh: COM(2020) 587 final - Iarscríbhinn

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 28.9.2020
COM(2020) 587 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartaithe Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine, arb é dáta a dhul in éag an 15 Samhain 2020.**

**IARSCRÍBHINN**

**Comhaontú bhfoirm Malartaithe Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine, arb é dáta a dhul in éag an 15 Samhain 2020**

**A. Litir ón Aontas Eorpach**

A dhaoine uaisle,

Is mian liom a dheimhniú duit gur chomhaontaíomar na socruithe eatramhacha seo a leanas maidir leis an síneadh leis an dara Prótacal atá i bhfeidhm faoi láthair (an 16 Samhain 2015 go dtí an 15 Samhain 2019, ar cuireadh síneadh aon bhliana amháin leis cheana go dtí an 15 Samhain 2020[1]), dá ngairtear 'an Prótacal' anseo feasta, ina leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú comhpháirtíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine, go dtí go mbeidh an chaibidlíocht maidir le ACC a athnuachan tugtha i gcrích.

Sa chomhthéacs sin, chomhaontaigh an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine an méid seo a leanas:

(1) Ón 16 Samhain 2020 amach nó ó dháta shíniú an Malartaithe Litreacha amach má shínítear dá éis sin é, cuirfear síneadh bliana amháin ar laghad leis na socruithe is infheidhme le linn bhliain deiridh an Phrótacail faoi na coinníollacha céanna.

(2) Comhfhreagróidh an ranníocaíocht airgeadais ón Aontas ar son rochtain na soithí in uiscí na Máratáine faoin síneadh don mhéid bliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 2 den Phrótacal mar a leasaigh an Comhchoiste é an 15 agus an 16 Samhain 2016[2]. Déanfar an íocaíocht sin in aon tráthchuid amháin trí mhí ó dháta theacht i bhfeidhm sealadach an Mhalartaithe Litreacha sin.

(3) Is é EUR 4 125 suim thacaíocht earnála an chomhaontaithe maidir leis an síneadh sin. Formheasfaidh an Comhchoiste dá bhforáiltear in Airteagal 10 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh an t-amchlár le haghaidh na suime sin de réir fhorálacha Airteagal 3(1) den Phrótacal, laistigh de dhá mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Mhalartaithe Litreacha sin ar a dhéanaí. Beidh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 den Phrótacal maidir le cur chun feidhme agus íocaíochtaí na tacaíochta earnála infheidhme *mutatis mutandis*.

(4) I gcás ina síneofar iad de bharr na caibidlíochta maidir le hathnuachan an chomhaontaithe comhpháirtíochta agus an Phrótacail a ghabhann leis sa chaoi go gcuirfear i bhfeidhm iad roimh dháta dhul in éag na tréimhse bliana a leagtar síos i bpointe 1 thuas, laghdófar an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear i bpointí 2 agus 3 *pro rata temporis*. An méid comhfhreagrach a íocadh cheana, bainfear é den chéad ranníocaíocht airgeadais a bheidh dlite faoin bPrótacal nua.

[1] Tag. CINNEADH (AE) 2019/1918 ÓN gCOMHAIRLE an 8 Samhain 2019 IO L 297I, 18.11.2019, lch. 1.

[2] Tag. CINNEADH (AE) 2017/451 ÓN gCOIMISIÚN an 14 Márta 2017, IO L 69, 21.5.2019, lch. 34.

(5) Le linn thréimhse chur i bhfeidhm an chomhaontaithe maidir leis an síneadh sin, leithdháilfear ceadúnais iascaireachta laistigh de na teorainneacha a leagtar síos sa Phrótacal trí bhíthin táillí nó réamhíocaíochtaí a chomhfhreagróidh dóibh siúd a leagtar síos in Aguisín 1 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhainn leis an bPrótacal.

(6) Beidh an Malartú Litreacha sin infheidhme go sealadach ón 16 Samhain 2020 amach nó ó dháta shíniú an Mhalartaithe Litreacha sin amach má shínítear dá éis sin é, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm. Tiocfaidh sé i bhfeidhm nuair a bheidh fógra tugtha ag na Páirtithe dá chéile go bhfuil na nósanna imeachta is gá curtha i gcrích acu chun na críche sin.

Bheinn faoi chomaoin agat ach a admháil go bhfuair tú an litir seo agus a dheimhniú go dtoilíonn tú leis an ábhar inti.

Is mise le dúthracht duit,

*Thar ceann an Aontais Eorpaigh*

**B. Litir ó Phoblacht Ioslamach na Máratáine**

A dhaoine uaisle,

Is cúis áthais dom a dheimhniú go bhfuarthas do litir dar dáta an lá inniu atá mar a leanas:

"A dhaoine uaisle,

Is mian liom a dheimhniú duit gur chomhaontaíomar na socruithe eatramhacha seo a leanas maidir leis an síneadh leis an bPrótacal atá i bhfeidhm faoi láthair (an 16 Samhain 2015 go dtí an 15 Samhain 2019, ar cuireadh síneadh aon bhliana amháin leis cheana go dtí an 15 Samhain 2020[3]), dá ngairtear 'an Prótacal' anseo feasta, ina leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú comhpháirtíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine, go dtí go mbeidh an chaibidlíocht maidir le ACC a athnuachan tugtha i gcrích.

Sa chomhthéacs sin, chomhaontaigh an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine an méid seo a leanas:

(1) Ón 16 Samhain 2020 amach nó ó dháta shíniú an Malartaithe Litreacha amach má shínítear dá éis sin é, cuirfear síneadh bliana amháin ar laghad leis na socruithe is infheidhme le linn bhliain deiridh an Phrótacail faoi na coinníollacha céanna.

(2) Comhfhreagróidh an ranníocaíocht airgeadais ón Aontas ar son rochtain na soithí in uiscí na Máratáine faoin síneadh don mhéid bliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 2 de Phrótacal mar a leasaigh an Comhchoiste é an 15 agus an 16 Samhain 2016[4]. Déanfar

3 Tag. CINNEADH (AE) 2019/1918 ÓN gCOMHAIRLE an 8 Samhain 2019 IO L 297I, 18.11.2019, lch. 1.

4 Tag. CINNEADH (AE) 2017/451 ÓN gCOIMISIÚN an 14 Márta 2017, IO L 69, 21.5.2019, lch. 34.

an íocaíocht sin in aon tráthchuid amháin trí mhí ó dháta theacht i bhfeidhm sealadach an Mhalartaithe Litreacha sin.

(3) Is é EUR 4 125 suim thacaíocht earnála an chomhaontaithe maidir le síneadh sin. Formheasfaidh an Comhchoiste dá bhforáiltear in Airteagal 10 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh an t-amchlár le haghaidh na suime sin de réir fhorálacha Airteagal 3(1) den Phrótacal, laistigh de dhá mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Mhalartaithe Litreacha sin ar a dhéanaí. Beidh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 den Phrótacal maidir le cur chun feidhme agus íocaíochtaí na tacaíochta earnála infheidhme *mutatis mutandis*.

(4) I gcás ina síneofar iad de bharr na caibidlíochta maidir le hathnuachan an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus an Phrótacail a ghabhann leis sa chaoi go gcuirfear i bhfeidhm iad roimh dháta dhul in éag na tréimhse bliana a leagtar síos i bpointe 1 thuas, laghdófar an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear i bpointí 2 agus 3 *pro rata temporis*. An méid comhfhreagrach a íocadh cheana, bainfear é den chéad ranníocaíocht airgeadais a bheidh dlite faoin bPrótacal nua.

(5) Le linn thréimhse chur i bhfeidhm an chomhaontaithe maidir leis an síneadh sin, leithdháilfear ceadúnais iascaireachta laistigh de na teorainneacha a leagtar síos sa Phrótacal trí bhíthin táillí nó réamhíocaíochtaí a chomhfhreagróidh dóibh siúd a leagtar síos in Aguisín 1 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhainn leis an bPrótacal.

(6) Beidh an Malartú Litreacha sin infheidhme go sealadach ón 16 Samhain 2020 amach nó ó dháta shíniú an Mhalartaithe Litreacha sin amach má shínítear dá éis sin é, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm. Tiocfaidh sé i bhfeidhm nuair a bheidh fógra tugtha ag na Páirtithe dá chéile go bhfuil na nósanna imeachta is gá curtha i gcrích acu chun na críche sin."

Dearbhaím go bhfuil ábhar do litreach inghlactha ag mo Rialtas.

Is ionann do litir agus an litir seo, i dteannta a chéile, agus comhaontú i gcomhréir le do thogra.

Is mise le dúthracht duit,

*Thar ceann Rialtas Phoblacht Ioslamach na Máratáine*